

ná fág aon ní ach lorg na lapaí...®

Tionscadal é **Green Dog Walkers ®** atá curtha ar bun ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae na Mí agus Comhairle Contae Chill Mhantáin.

## Na Fíricí…

- Faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, 1997-2003, fíneálacha a thosaíonn ag €150.
- Tá madra ag 35.6% de theaghlaigh na hÉireann.


An raibh a fhios agat gur leanaí scoile agus peileadóirí is mó atá i mbaol ó ghalair a thagann ó shalachar madraí?

# Green Dog® Walkers



Slí chairdiúil chun dul i ngleic le salachar na madraí










**Ar mhaith leat páirt a ghlacadh sa tionscadal?**

Chun páirt a ghlacadh in Green Dog Walkers®, léigh an gealltanas agus seol isteach an fhoirm iarratais chomhlánaithe. Seolfaimid do bhanda muinchille / dáileoir málaí marthanach uiscedhíonach de chuid Green Dog Walkers®

# Gealltanas Green Dog Walkers®



## Gealltanas Green Dog Walkers®


**Toilím, leis seo, glacadh le banda muinchille / dáileoir málaí Green Dog Walkers® agus geallaim go nglacfaidh mé páirt san fheachtas mar leanas:**

1. Caithfidh mé an banda muinchille / dáileoir málaí chomh minic agus is féidir nuair a théim ag siúl le mo mhadra(í).
2. Glanfaidh mé suas i ndiaidh mo mhadra i gcónaí agus cuirfidh mé an mála i mbosca bruscair.
3. Nuair a théann daoine eile ag siúl le mo mhadra, tabharfaidh mé ugach dóibh glanadh suas i ndiaidh mo mhadra.
4. Tuigim go gcuirim in iúl nuair a chaithim an banda muinchille / dáileoir málaí go n-iompróidh mé málaí madra breise agus go dtabharfaidh mé iad do dhaoine eile atá ag siúl le madraí má iarrann siad orm é.
5. Ní thabharfaidh mé faoi shiúlóirí madraí eile mar gheall ar salachar madraí am ar bith nuair atá an banda muinchille / dáileoir málaí á chaitheamh agam. Tuigim go hiomlán gur feachtas neamhionsaitheach cairdiúil é Green Dog Walkers® chun dearcadh dhaoine i leith salú madraí a athrú.
6. Aontaím go bhfuil cead ag Green Dog Walkers® teagmháil a dhéanamh liom chun páirt a ghlacadh i gceistneoirí nó i suirbhéanna faoi mo thaithí féin le Green Dog Walkers® chun rath an fheachtais a mheas.

Curtha in oiriúint ó: http://www.socialcredits.ie/onlineForms/GDW%20Pledge%

# An Garda Síochána

## Cosc ar Bhuirgléireacht sa Gheimhreadh




## FÍRICÍ:

1. Tagann ardú 25% ar bhuirgléireachtaí sa gheimhreadh
2. Idir 5p.m. agus 11p.m. a tharlaíonn os cionn 40% de na buirgléireachtaí sa gheimhreadh
3. I gcás 20% de na buirgléireachtaí, is trí dhoras nó trí fhuinneog neamhdhaingean a thagtar isteach
4. Seodra agus airgead tirim na nithe is coitianta a ghoideann buirgléirí
5. Bhí os cionn 200 cás ann anuraidh inar sciobadh eochracha cairr trí bhosca na litreacha

## NA 5 LEIDEANNA IS FEARR:

1. Daingnigh gach doras agus gach fuinneog
2. Bíodh an teach lasta suas, úsáid lasca amadóra nuair a bhíonn tú as baile
3. Stóráil eochracha go sábháilte i bhfad ó fhuinneoga agus ó bhoscaí litreacha
4. Cuir eolas mar gheall ar earraí luachmhara ar taifead agus ná coimeád suimeanna móra airgid sa bhaile
5. Úsáid d'aláram, fiú nuair a bhíonn tú sa bhaile


**Le haghaidh tuilleadh eolais féach ar www.garda.ie**

http://www.garda.ie/Documents/User/Garda%20Burglary%20Infographic%20WINTER.pdf

Domhan níos fearr a thógáil do leanaí

# Aistear Teifigh

## Siúlóid 2,254 km a thógann thart ar 452 uair an chloig




- Tá na mílte teaghlach ag teitheadh ó chogadh agus ó fhoréigean sa tSiria agus iad ag súil go bhfaighidh siad síocháin agus ar todhchaí dóibh féin.
- Chun an t-aistear sin a thuiscint, taispeánann an léarscáil de chuid Google thuas treo a chaithfeadh teaghlach teifeach ag teitheadh as Aleppo sa tSiria, ag iarraidh Horgos a bhaint amach sa Seirbia san Eoraip.
- Bheadh ar an dteaghlach níos mó ná 2,254 ciliméadar a shiúl chun an teorainn idir an tSeirbia agus an Ungáir a bhaint amach.
- Thógfadh sé 452 uair an chloig – thart ar 50 lá – dá siúlfaidís ar feadh ocht n-uaire an chloig gach lá agus dá mbeidís go léir in ann 40 ciliméadar ina iomláine a shiúl gach lá.
- Ar an aistear crua seo, bheadh ar theaghlach gach rud atá ina seilbh a iompar, aire a thabhairt do leanaí óga agus stop chun dul ag lorg bia.
- "Bhí sé an fhuar, agus ní raibh aon bhlaincéid againn chun sinn féin a chlúdach," a dúirt Muhammed, teifeach Siriach atá 72 bliain d'aois agus a bhí tar éis stopadh i bpáirc i mBéalgrád sa tSeirbia lena bheirt gharpháistí agus le bean a mhic. Tá teaghlaigh áirithe ag codladh i bpubaill, agus teaghlaigh eile amuigh faoin aer.
- Tá tíortha áirithe tar éis a dteorainneacha a dhúnadh ar theifigh ach tá mórán teifeach toilteanach tabhairt faoin aistear fada, neamhchinnte, dainséarach seo.
- Tá World Vision ag dáileadh pacaí fóirithinte ar theifigh thuirseacha. Tá buidéil uisce, bananaí, ciarsúir frith-bhaictéaracha, pacaí meala agus torthaí sna pacaí i measc rudaí eile. Tá World Vision tar éis bia naíonán agus clúidíní a chur ar fáil do theaghlaigh a bhfuil naíonáin acu.

**Chris Huber, World Vision**

Curtha in oiriúint ó http://www.worldvision.org/news-stories-videos/google-map-refugees-walking-syria-serbia



# Maidir le Foróige

Is í Foróige an ógeagraíocht is mó in Éirinn agus tá sí ag obair le daoine óga ó 1952 amach. An fhís atá againn ná Éire ina léirítear iontaoibh as gach duine óg. An aidhm atá againn ná a chinntiú go nglacann daoine óga páirt ghníomhach ina bhforbairt féin agus i bhforbairt na sochaí.

Oibrímid le 56,000 duine óg idir 10 agus 18 bliana d'aois i gClubanna faoi stiúir ag oibrithe deonacha agus mar pháirt de thionscadail faoi stiúir ag baill foirne. Tá Foróige i 26 contae in Éirinn. Tá 611 Club Óige Foróige againn, 137 tionscadal don aos óg, Clár na nDeartháireacha agus na nDeirfiúracha Móra, Clár Fiontraíochta Foróige don Aos Óg, ár gcláir Shaoránachta agus Cheannaireachta don aos óg.

Spreagann clubanna Foróige, clubanna sainspéise, Caiféanna don Aos Óg, clubanna friothálacha, agus fóraim (grúpaí) don aos óg daoine óga le freagracht a ghlacadh astu féin agus le páirt a ghlacadh i múnlú an domhain mórthimpeall orthu, agus forbairt á déanamh acu ar a gcuid tallann, ar a scileanna agus ar a bpearsantacht ag an am céanna.

Ina theannta sin, oibrímid le seirbhísí mar Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Cláir Thacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga agus Tionscadail Chomharsanachta don Óige. Cabhraíonn siad seo le daoine óga déileáil le fadhbanna atá ag cur isteach orthu in áit shábháilte chairdiúil.

Tá obair Foróige go léir leagtha amach chun spriocanna a bhaint amach i slí spraíúil chun gur féidir le daoine óga cur lena bhféinmhuinín, caidrimh níos fearr a bheith acu, cur lena n-eolas, scileanna nua a fhoghlaim agus iad féin a iompar go freagrach.

# CAIRT UM CHEARTA

BEIDH NA CEARTA SEO A LEANAS AG GACH DUINE ÓG I bhFORÓIGE,

**AN CEART**
**AR FHÉINLÉIRIÚ &**
**AR SHAOIRSE CAINTE**

**AN CEART**
**AR CHINEÁLTAS AGUS AR MHEAS**

**AN CEART**
**GO n-ÉISTEOFAÍ LEAT & GO gCUIRFÍ**
**DO THUAIRIMÍ SAN ÁIREAMH**

**AN CEART**
**DO PHEARSANTACHT, NA NITHE**
**A BHFUIL SPÉIS AGAT IONTU &**
**DO CHUMAIS A FHORBAIRT**

**AN CEART**
**AR RANNPHÁIRTÍOCHT CHOTHROM**

**AN CEART**
**A BHEITH SLÁN Ó BHULAÍOCHT DE**
**CHINEÁL AR BITH & Ó BHAGAIRTÍ AR DO SHLÁINTE**

**AN CEART**
**TAIRBHE A DHÉANAMH & FEABHAS A**
**CHUR AR AN DOMHAN I SLÍ ÉIGIN**

www.foróige.ie

Curtha in oiriúint ó: https://foroige.ie/about/about-foroige